

## Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

### Cód Iompair Ghnó do Chomhaltaí an Bhoird, do Chomhaltaí Choiste an Bhoird agus don Fhoireann

#### 1. Réamhrá

Is comhlacht corpraithe reachtúil arna bhunú leis an Acht um Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1854 (“**Acht 1854**”) é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an **Gailearaí**). Déanann an tAcht um Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1855, an tAcht um Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1928, an tAcht um Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1963 agus an tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (mar aon le hAcht 1854, “**achtanna rialaithe an ghailearaí**”) cumhachtaí agus feidhmeanna Bhord Gobharnóirí & Caomhnóirí Gailearaí Náisiúnta na hÉireann a leathnú (an **Bord**).

#### 2. Intinn agus Raon

2.1. Leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (arna leasú) arna eisiúint ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na prionsabail rialachais chorparáidigh a gceanglaítear ar chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Cuireann sé an dualgas ar an nGailearaí Cód Iompair Ghnó a chur i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird agus fostaithe, agus a chinntiú go gcloítear leis. Baineann an polasaí seo freisin le comhaltaí choistí seachtracha an Bhoird.

2.2. Cuireann an Cód Iompair seo impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, an Achta Carthanas (2009), an Chóid um Rialachas Carthanas agus treoir ghaolmhar san áireamh<sup>1</sup>.

#### 3. Cuspóirí

Tá an Cód deartha chun cabhrú leis an nGailearaí a ghnó a dhéanamh trí na nithe seo a leanas:

- sraith prionsabal eiticiúil chomhaontaithe a bhunú;
- muintín agus iontaobhas a chur chun cinn agus a choinneáil;
- cosc a chur ar fhorbairt ná ar ghlacadh le cleachtas neamheiticiúil.

<sup>1</sup> [Treoir ón Rialtóir Carthanas ar Chód Iompair An Rialtóir Carthanas a Bhainistíonn Coinbhleachtaí Leasa](#)

- na caighdeáin bhainistíochta agus seirbhíse poiblí is airde a chur chun cinn i ngach ceann de ghníomhaíochtaí an Ghailearaí; agus
- cáil an Ghailearaí a chosaint.

#### 4. Treoirphrionsabal

Is é bunphrionsabal an Chóid seo ná go ndéanfaidh comhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe a ndícheall a gcuid dualgas a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán eitice is airde maidir le hionracas, dílseacht, cothroime, rúndacht agus cuntasacht.

#### 5. Ionracas agus Coinbhleachtaí Leasa

5.1. Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird agus do chomhaltaí choistí an Bhoird iarracht a dhéanamh i gcónaí gníomhú ar mhaithe le leas an Ghailearaí. Agus é seo á chur san áireamh, ba chóir dóibh sonraí fostaíochta/gnó/leasanna pearsanta seachtracha i gcoimhlint iarbhír, féideartha nó braite le gnó an Ghailearaí a nochtadh.<sup>2</sup> Chuige seo, is éard a chiallaíonn “coimhlint leasa”<sup>3</sup> ná cás ina bhféadfadh (nó ina ndealraíonn) leasanna pearsanta nó dílseachtaí duine cosc a chur ar an duine sin cinneadh a dhéanamh ar mhaithe le leas an Ghailearaí. Féadfaidh an leas seo a bheith díreach nó indíreach, agus féadfaidh sé leasanna duine atá bainteach leis an duine sin a áireamh<sup>4</sup>.

5.2. Déanfaidh an Gailearaí coinbhleachtaí leasa a bhainistiú trí cheangal a chur ar chomhaltaí Boird agus ar chomhaltaí choistí an Bhoird:

- coinbhleachtaí leasa a sheachaint nuair is féidir;
- coinbhleachtaí leasa ar bith a shainnithint agus a thaifeadadh;
- coinbhleachtaí leasa ar bith a bhainistiú go cúramach; agus
- cloí leis an gCód seo agus freagra a thabhairt ar shárúithe ar bith atá ann.

<sup>2</sup> Ní thugann gníomhartha rialaithe an Ghailearaí ná a Fhodhlíthe aghaidh go díreach ar conas déileáil le coinbhleachtaí dá leithéid. Mar sin féin, tá an Cód Cleachtais, an tAcht Carthanas 2009, an Cód um Rialachas Carthanas, an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 ábhartha anseo.

<sup>3</sup> Ní dhéileáiltear go sonrach le coinbhleachtaí leasa i bhFodhlíthe an Ghailearaí ná ina reachtaíocht rialaithe.

<sup>4</sup> Sonraíonn Alt 2(2) den Acht Carthanas 2009 go n-áirítear le ‘daoine bainteacha’:

- a) tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, céile, seantuismitheoir nó garleanbh an duine aonair, nó leanbh le céile an duine aonair;
- b) duine ar bith a bhfuil an duine aonair i gcomhpháirtíocht leis;
- c) duine ar bith a bhfuil an phearsa aonair fostaithe aige faoi chonradh seirbhíse;
- d) comhlacht corpraithe má tá rialú ag an duine aonair air, nó má tá smacht ag an duine aonair agus ag duine ar bith de na daoine bainteacha thuasluaite le chéile air.

5.3. Ba cheart na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint ag aon chruinniú den Bhord nó de choiste de chuid an Bhoird ag a n-eascaíonn coinbhleacht leasa:

- ba cheart dearbhú ar choinbhleacht leasa a dhéanamh do Chathaoirleach an chruinnithe agus do Rúnaí an Bhoird, roimh an gcruinniú nuair is féidir, nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, ag an gcruinniú ag an gcomhalta Boird nó comhalta coiste Boird iomchuí. Beidh Dearbhú Coinbhleachtaí Leasa ina mhír bhuan ar chlár oibre gach cruinnithe Boird agus coiste Boird.
- A luaithe a nochtfar an choinbhleacht leasa go cuí, níor cheart don Bhord nó do chomhalta coiste Boird (de réir mar is infheidhme):
  - vótáil ar an ábhar; nó
  - páirt a ghlacadh in aon phlé gaolmhar.
- I gcúinsí eisceachtúla, mar shampla i gcás ina bhfuil coinbhleacht an-suntasach nó inar dócha go gcuirfeadh sí cosc ar an gcomhalta ábhartha páirt a ghlacadh go rialta i bpléití, ba cheart don Bhord breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil sé cuí don duine lena mbaineann éirí as an mBord nó as an gcoiste Boird (de réir mar is infheidhme).
- Déanfar pé gníomh a dhéanfar a thaifeadadh sna miontuairiscí.
- Ní mór don chomhalta ábhartha freisin ráiteas leasa i scríbhinn a chur ar fáil do Rúnaí an Bhoird ag cur síos ar an gcoinbhleacht roimh an gcruinniú, ag an gcruinniú nó chomh luath agus is féidir i ndiaidh an chruinnithe. Ba cheart sonraí a lua ann faoi cé acu an bhfuil leas ábhartha acu féin, nó ag an “duine bainteach” san ábhar atá idir lámha. Déanfaidh Rúnaí an Bhoird é seo a thaifeadadh ansin sa Chlár um Coinbhleachtaí a choinnítear faoi rún.
- I gcás ina dtiocfaidh ábhar a bhaineann le leasanna an Chathaoirligh chun cinn, roghnóidh na comhaltaí eile a bheidh i láthair comhalta díobh chun feidhmiú mar chathaoirleach ar an gcruinniú. Ba cheart don Chathaoirleach a bheith as láthair nuair a bhíonn ábhar á phlé nó á chinneadh ag an mBord a bhfuil leas ag an gCathaoirleach nó ag duine bainteach leo ann.
- Nuair is féidir, níor cheart doiciméid maidir le plé ar bith a dhéantar ar ábhar arna nochtadh ag comhalta Boird nó comhalta coiste Boird mar leas ábhartha a chur ar fáil don chomhalta lena mbaineann. Ba chóir breithniú a dhéanamh maidir le cibé ar cheart taifead ar leith (nach mbeadh rochtain ag an gcomhalta sin air) a choinneáil.

Má bhíonn cúis ag an mBord a chreidiúint gur theip ar chomhalta Boird nó comhalta coiste Boird na ceanglais thuas a chomhlíonadh, fiosróidh sé na himthosca. Má fhaightear amach gur theip ar an duine ábhartha coinbhleacht leasa a nochtadh, féadfaidh an Bord gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne an duine, lena n-áirítear éirí as an duine i gceist a lorg ón mBord nó ó choiste Boird (de réir mar is infheidhme).

- 5.4. Ní cheadaítear don bhainistíocht ná d'fhostaithe a bheith páirteach i leasanna fostaíochta/gnó lasmuigh i gcoimhlint iarbhír, ionchasach nó braite le gnó an Ghailearaí, nó a chuirfeadh nó a d'fhéadfadh bac a chur ar chomhlíonadh sásúil a gcuid dualgas mar fhostaithe an Ghailearaí. Sa chás go dtagann coinbhleacht iarbhír, fhéideartha nó bhraite chun cinn, ba chóir don duine ábhartha ráiteas leasa i scríbhinn a chur ar fáil do Rúnaí an Bhoird ag cur síos ar an gcoinbhleacht a luaithe is féidir. Ba cheart a chur san áireamh sonraí maidir le cibé an bhfuil leas ábhartha acu féin nó ag “duine bainteach” sa cheist atá idir lámha. Ansin déanfaidh Rúnaí an Bhoird é seo a thaifeadadh sa Chlár Coinbhleachta atá faoi rún agus, i gcomhairle leis an Stiúrthóir, comhairle a thabhairt maidir le cibé an bhfuil gá le gníomh breise.
- 5.5. Ba cheart do chomhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe:
- Seachaint a dhéanamh go dtabharfaí nó go bhfaighfí bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, cóir fhabhrach nó sochair a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm, nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm, ar chumas an deontóra nó an fhaighteora breithiúnas neamhspleách a dhéanamh ar idirbhearta gnó.
  - tiomantas a thabhairt dul san iomaíocht go bríomhar fuinniúil ach freisin go heiticiúil agus go macánta;
  - a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí ceannaigh earraí/seirbhísí de réir an chleachtais ghnó is fearr;
  - cultúr éileamh costas a chinntiú de réir mar is cuí do riachtanais ghnó agus de réir dea-chleachtais san earnáil phoiblí i gcoitinne;
  - a chinntiú go léiríonn cuntais/tuairiscí an Ghrúpa a fheidhmíocht ghnó go cruinn agus nach bhfuil siad míthreorach nó ceaptha le bheith míthreorach;
  - gan úsáid a bhaint as acmhainní ná am an Ghailearaí riamh ar mhaithe le leas pearsanta nó chun leasa daoine/eagraíochtaí nach bhfuil baint acu leis an nGailearaí nó lena ghníomhaíochtaí; agus
  - gealltanais a thabhairt gan faisnéis ná rúin ghnó a fháil ar mhodhanna míchuí.

## 6. Eolas

Ba cheart do chomhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe:

- tacú chun rochtain a sholáthar ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí an Ghailearaí ar bhealach atá oscailte agus a fheabhsaíonn a chuntasacht don phobal i gcoitinne;
- meas a bheith acu ar rúndacht na faisnéise íogaire atá i seilbh an Ghailearaí, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:
  - faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de;
  - sonraí pearsanta; agus
  - faisnéis a fuarthas faoi rún.
- cloí le nósanna imeachta iomchuí réamhchomhairliúcháin le tríú páirtithe sa chás, go heisceachtúil, go bhfuil sé beartaithe faisnéis íogair a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail; agus
- cloí le forálacha reachtúla ábhartha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do reachtaíocht a bhaineann le sláinte & sábháilteacht, saoráil faisnéise, rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol agus cosaint sonraí.

## 7. Oibleagáidí

7.1. Ba cheart do chomhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe:

- gach dualgas rialála agus reachtúil a chomhlíonadh. Má fhaigheann comhalta Boird fianaise go bhfuil neamhchomhlíonadh i gceist le haon oibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an nGailearaí, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl dá gcomhaltaí Boird láithreach, d'fhonn an cheist a chur ina ceart;
- cloí le nósanna imeachta ceannaigh agus tairisceana, chomh maith le cloí agus le leibhéil údaráis fhorordaithe chun caiteachas ábhartha a cheadú; agus

7.2. a chinntiú go bhfuil rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun calaois a chosc, lena n-áirítear rialuithe lena chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta forordaithe maidir le speansais taistil ghnó agus speansais eile as póca a éileamh, go háirithe Beartas Taistil agus Cothabhála an Ghailearaí. Ba cheart do chomhaltaí Boird agus do chomhaltaí coiste Boird:

- iarracht réasúnta a dhéanamh lena chinntiú gur féidir leo freastal 100% a bheith acu ar chruinnithe an Bhoird agus ar chruinnithe Coistí (más infheidhme);
- cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an mBord anseo maidir le cásanna coinbhleachta leasa, lena n-áirítear maidir le glacadh le poist tar éis fostaíochta agus/nó gabhála ag an nGailearaí a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coinbhleachtaí leasa agus le hábhair imní rúndachta; agus
- Aitheantas a thabhairt ar an dualgas atá ar chách cloí leis na caighdeáin is airde eitice gnó.

## **8. Rúndacht**

Ba cheart do chomhaltaí Boird agus do chomhaltaí coiste Boird a chinntiú:

- go ndéanann siad rúndacht gach faisnéise a fhaightear de bhua a seasamh ar an mBord nó ar choiste Boird (de réir mar is infheidhme) a chothabháil agus a chur chun cinn;
- nach nochtar faisnéis faoi phribhléid nó faoi rún nuair a thagann deireadh leis an gcomhaltas sin. Ina theannta sin, ba cheart do chomhaltaí Boird a chinntiú gur cheart seachaint a dhéanamh ar ghlacadh le fostaíocht bhreise, nuair a d'fhéadfadh coinbhleacht a bheith ann, le linn tréimhse ama réasúnach tar éis dheireadh an chomhaltais Bhoird. Ba chóir saincheisteanna nó soiléirithe ar bith a thagann as seo a chur chuig Rúnaí an Bhoird; agus
- nach gcoinníonn siad aon doiciméid a fhaightear le linn a dtéarma mar chomhalta Boird nó comhalta coiste Boird agus ba chóir dóibh na doiciméid sin a chur ar ais chuig Rúnaí an Bhoird, nó a chur in iúl do Rúnaí an Bhoird, go ndearnadh gach doiciméad den sórt sin a dhiúscairt ar bhealach cuí.

## **9. Dílseacht**

Ba chóir go mbeadh comhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe dílis don Ghailearaí agus a bheith tiomanta go hiomlán dá gcuspóirí.

## **10. Éagsúlacht, Cuimsiú agus Comhchaidrimh**

Ba cheart do chomhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe:

- oibriú go tuisceanach agus go cothrom le gach duine ar bhealach a léiríonn meas ar éagsúlacht, ar róil agus ar theorainneacha éagsúla agus a sheachnaíonn maslú; <sup>5</sup> agus
- glacadh leis an difríocht agus meas a léiriú ar an difríocht idir róil an Bhoird ar thaobh amháin agus oibrithe deonacha agus fostaithe ar an taobh eile, ag cinntiú go n-oibríonn siad go héifeachtach agus go comhleanúnach ar mhaithe leis an nGailearaí agus go bhforbraíonn siad caidreamh comhthacúil agus dílis trí:
  - cloí le socruithe bainistíochta agus gníomhartha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de shocruithe den sórt sin a sheachaint; <sup>6</sup> agus
  - gan cur isteach ar chomhlíonadh dualgas a tharmligtear chucu laistigh den Ghailearaí ag oibrithe deonacha nó fostaithe agus a chinntiú go gcuirtear oibrithe deonacha agus aon fhostaithe a oibríonn don Ghailearaí chun cuntais tríd an mBainistíocht/Stiúrthóir, de réir mar is cuí. <sup>7</sup>

## 11. Cothroime

Ba cheart do chomhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe:

- comhlíonadh na reachtaíochta um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann a chinntiú;
- tiomantas do chothroime i ngach gnó; agus
- a chinntiú go gcomhlíontar Cairt Chustaiméirí an Ghailearaí.

## 12. Timpeallacht Oibre/Sheachtrach

Ba cheart do chomhaltaí Boird, comhaltaí coiste Boird agus fostaithe:

- an tosaíocht is airde a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú; agus
- íoslaghdu a dhéanamh ar aon tionchar díobhálach a bhíonn ag oibríochtaí ar an gcomhshaol.

<sup>5</sup> [Treoir ón Rialtóir Carthanas ar Chód Iompair](#)

<sup>6</sup> [Treoir ón Rialtóir Carthanas ar Chód Iompair](#)

<sup>7</sup> [Treoir ón Rialtóir Carthanas ar Chód Iompair](#)

### 13. Freagracht

- 13.1. Ní féidir le sraith rialacha ná treoirlínte foráil a dhéanamh do gach aon chás a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Ba cheart do chomhaltaí Boird, do chomhaltaí coiste Boird agus d'fhostaithe an Ghailearaí a bheith freagrach as a chinntiú go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí go léir, bídís clúdaithe go sonrach nó eile sa Chód seo, á rialú ag na cúinsí eiticiúla atá intuigthe sna nósanna imeachta seo.
- 13.2. Cinnteoidh Rúnaí an Bhoird go scaipfear cóipeanna den Chód seo ar gach comhalta Boird agus comhalta coiste Boird.
- 13.3. Cinnteoidh an Ceannasaí Acmhainní Daonna go scaipfear cóipeanna den Chód seo ar gach fostaí.
- 13.4. Ní mór d'fhaighteoirí uile an Chóid seo an Dearbhú Tuisceana mar atá leagtha amach in Aguisín 1 a chomhlánú agus an dearbhú comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig Rúnaí an Bhoird nó chuig an gCeannasaí Acmhainní Daonna, de réir mar is cuí.
- 13.5. Meastar go bhfuil "Comhaltas Boird Ainmnithe" ag gach comhalta Boird faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 (le chéile, "SIPO"). Ina theannta sin, meastar go bhfuil "Post Ainmnithe Fostaíochta" ag an Stiúrthóir agus ag an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha faoi SIPO. Tá achomre le fáil in Aguisín 2 ar nósanna imeachta maidir le nochtadh leasanna ag daoine aonair den sórt sin faoi SIPO.
- 13.6. Ba cheart do chomhalta Boird, comhalta coiste Boird nó aon fhostaí a bhfuil amhras orthu faoin mbealach a bhaineann an Cód seo leo nó a dteastaíonn treoir uathu ar aon ábhar a bhaineann leis an gCód seo, soiléiriú a lorg ó Rúnaí an Bhoird nó ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, de réir mar is cuí.
- 13.7. Ba cheart an Cód seo a léamh in éineacht le Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus Lámhleabhar Fhostaithe an Ghailearaí, a mbaineann an dá cheann díobh le fostaithe uile an Ghailearaí.



#### **14. Athbhreithniú**

Faomhadh an Cód seo ag an gcruinniú Boird ar an 27 Deireadh Fómhair 2022. Tá an Bord tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód seo i ndiaidh dó a bheith i bhfeidhm ar feadh thréimhse trí bliana.

**Síniú:**   
Cathaoirleach

**Dáta:** 27 Deireadh Fómhair 2022

## **Aguisín 1 – Dearbhú Tuisceana**

Tá an Cód Iompair Ghnó léite agam agus thuig mé é, agus aontaím a bheith faoi cheangal ag na prionsabail atá leagtha amach ann in aon déileáil ar son nó thar ceann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Ainm i mbloclitreacha: \_\_\_\_\_

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Ba chóir do chomhaltaí an Bhoird Gobharnóirí & Caomhnóirí agus comhaltaí de Choiste an Bhoird an dearbhú comhlánaithe a chur ar ais chuig Rúnaí an Bhoird.

Ba cheart do bhaill foirne an dearbhú comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an gCeannasaí Acmhainní Daonna.

## Aguisín 2 - Nochtadh Leasanna faoi SIPO

**Nochtadh Tréimhsiúil Leasanna:** Ar cheapachán agus go bliantúil ina dhiaidh sin, ba cheart do gach comhalta Boid

agus duine a bhfuil “Post Ainmnithe Fostaíochta” aige/aici ráiteas i scríbhinn a thabhairt do Rúnaí an Bhoird san fhoirm fhorordaithe maidir lena:

- leasanna; agus
- leasanna, a bhfuil eolas iarbhír ag an duine sin orthu, atá ag a gcéile nó a bpáirtí sibhialta, ag a leanbh, nó ag leanbh a gcéile nó a bpáirtí sibhialta,

a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna nó maidir lena gcomhlíonadh de bhrí go bhféadfadh an comhlíonadh sin dul i gcion ar na leasanna sin chun sochar substaintiúil a bhronnadh nó a chosc ort nó ar do chéile nó do pháirtí sibhialta nó ar leanbh leat nó ar leanbh le do chéile.

I gcás go gcinneadh an duine ábhartha nach bhfuil aon leasanna den sórt sin aige/aici, ba chóir dó/di ráiteas ar nialas leasanna a chomhlánú san fhoirm fhorordaithe nó eile (i) i gcás chomhaltaí an Bhoird nó an Stiúrthóir, ríomhphost a sheoladh chuig Cathaoirleach an Bhoird agus (ii) i gcás an Stiúrthóra Seirbhísí Corparáideacha, ríomhphost a chur chuig an Stiúrthóir, á dhearbhu sin.

Sainmhínítear “leasanna” san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995.